

An Triail faoin gCreat Foghlama Digití do Scoileanna – Ceisteanna Coitianta

C. Cad é an Creat Foghlama Digití?

F. Is é atá i gceist leis an gCreat Foghlama Digití ná sraith de Ráitis Chleachtas (éifeachtach agus an-éifeachtach) a thagann leis na Réimsí atá in [Ag féachaint ar ár Scoil 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/larbhunscoileanna](#), a thugann táscairí soiléire maidir le conas ba chóir teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, foghlaim agus measúnú.

C. Cad é an aidhm a bhaineann leis an triail?

F. Chun measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil na Ráitis Chleachtas seo inláimhsithe agus infheidhme do scoileanna agus múinteoirí le bheith in ann obair leo chun an TFC a chur i bhfeidhm sa teagasc, foghlaim agus measúnú, agus chun struchtúr a chur ar fáil leis an bhfeabhsú sa réimse a rianú. Chomh maith leis sin chun measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil na tacaíochtaí agus an t-eolas a bhaineann leo oiriúnach agus ábhartha do scoileanna agus múinteoirí.

C. Cé chomh fada agus a bheidh an triail ar siúl?

F. Tosaíonn an triail i mí Dheireadh Fómhair 2017 nuair a bheidh seimineár oscailte ar feadh lá amháin ar siúl i mBaile Átha Cliath, agus críochnóidh sí do na scoileanna rannpháirteacha nuair a bheidh fóram deiridh ann chun an taithí a phlé agus a chomhroinnt i mí Aibreáin 2018.

C. Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna rannpháirteacha?

F. Cuirtear tacaíocht ar fáil trí sheimineár tosaigh, agus comhairleoir SFGM a thabharfaidh faoi suas le 5 chuairt ar gach scoil le linn

thréimhse na trialach. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil ar: <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/TFC-ar-Scoil/DLF.html>

C. An bhfuil maoiniú breise ar fáil do scoileanna rannpháirteacha?

F. Tá na gnáthshocruithe i bhfeidhm le hionadú a chur ar fáil agus leis na costais taistil a íoc chun freastal ar ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a bhaineann leis an triail. Táthar ag súil nach mbeidh aon chostais bhreise ann do scoileanna.

C. An scaoilfear múinteoirí le linn an lá scoile?

F. Don seimineár oscailte agus don fhóram deiridh, déanfar an príomhoide agus múinteoir amháin in aghaidh gach scoile a scaoileadh. Déanfar aon scaoileadh eile le linn thréimhse na trialach a mheas cás ar chás agus trí phlé a dhéanamh leis an gComhairleoir SFGM ceaptha.

C. An bhfuil aon riachtanais infreastruchtúrtha ar leith e.g. leathanbhanda, trealamh?

F. Níl. Is féidir le gach scoil an Creat Foghlama Digití a úsáid, is cuma faoin infreastruchtúr nó ceangal leathanbhanda atá ann cheana féin.

C. An gá a bheith ar an eolas maidir le teicneolaíochtaí digiteacha le bheith rannpháirteach sa triail agus le húsáid a bhaint as an gCreat?

R. Ní gá. Tá sé i gceist go n-úsáidfear an Creat Foghlama Digití i suíomhanna éagsúla lena n-áirítear na scoileanna sin a raibh rannpháirtíocht theoranta acu go dtí seo in úsáid na teicneolaíochta don teagasc agus don fhoghlaim. Cuirfear na tacaíochtaí atá curtha ar

fáil in oiriúint le riachtanais na múinteoirí agus na scoile a chur san áireamh.

C: Cad é an gaol idir Ag Féachaint ar Ár Scoil agus an Creat Foghlama Digití?

F: Is é Ag Féachaint ar Ár Scoil an creat um fheabhsú scoile de chuid an ROS go fóill. Ach, de réir mar a aithníonn na scoileanna na réimsí fócais mar chuid dá gclár um fheabhsú scoile, tugann an Creat Foghlama Digití treoir maidir le conas is féidir leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha a bheith mar ionchur i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach.

C: Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Beidh an SFGM-TiO (PDST-TiE) ag tacú le cur i bhfeidhm na trialach agus leis an seoladh amach níos leithne den Chreat Foghlama Digití – eolas ar

<http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework/>. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ann freisin le haghaidh ceisteanna: dlfplanning@pdst.ie.